# Deontas Mionoibreacha Covid a Úsáid chun Trealamh Caipitil TFC a Cheannach

**(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2024)**

## 1. Réamhrá

Faoin deontas Mionoibreacha Covid, bhí scóip ann airgead a chaitheamh ar threalamh Caipitil TFC. Ba cheart an caiteachas seo a léiriú mar shócmhainní seasta i gclár comhardaithe chuntais an bhoird agus ba cheart é a aistriú chuig Caipiteal & Cúlchistí.

## 2. Cur chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, caiteachas an deontais agus aon iarmhéid nár caitheadh.

### 2.1 Nuair a fhaightear ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Mionoibreacha Covid Airgead Deontais Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2169 | Deontas i gcomhair Mionoibreacha COVID gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 An t-am a úsáideadh an Deontas Mionoibreacha Covid chun Trealamh Caipitil a cheannach:

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar Threalamh Caipitil TFC a Thaifeadadh | DR | 1466 | Caipiteal: Mionoibreacha Covid Breiseanna TFC<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An Deontas Mionoibreacha Covid a aistriú chuig Caipiteal agus Cúlchistí | DR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3905 | Mionoibreacha COVID Ioncam ó Dheontas Caipitil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**3. Amúchadh Deontas**

Teicníc chuntasaíochta is ea amúchadh a úsáidtear chun luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar an deontas Mionoibreacha Covid a aithnítear mar dheontas caipitil thuas a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar an deontas a chaitear a amúchadh thar thréimhse 3 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh Deontas i leith Mionoibreacha Covid | DR | 3926 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ón Deontas TFC Caipitiúil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3226 | Amúchadh Deontas TFC RO<br>Ioncam |

**Nóta 1:** Beartas Amúchta - Deontas amúchta thar 3 bliana

## 4. Dímheas Mionoibreacha Covid i leith Caiteachais ar Threalamh Caipitil

Teicníc chuntasaíochta is ea dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar caiteachas caipitil an deontais Mionoibreacha Covid a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an deontas a chaitear a dhímheas thar 3 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoileanna dímheas an chaiteachais chaipitiúil TFC ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas Mionoibreacha Covid i leith TFC sa Bhliain Reatha | DR | 8060 | Dímheas Bliantúil: TFC Caiteachas |
| | CR | 1476 | Dímheas: TFC Mionoibreacha Covid an Bhliain Reatha Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2:** Beartas Dímheasa TFC - Earraí dímheasta thar 3 bliana

## 2.5 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh

Is deontas imfhálaithe é an deontas Mionoibreacha Covid agus caithfear an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air i gcód ainmniúil 2169 Deontas Mionoibreacha Covid Nár Caitheadh.